Covenant of Mayors
for Climate & Energy

“An phríomhsprioc atá againn is ea gach aon saoránach a mhealladh, gach aon lá”

Agallamh le Fernando Medina, Méara Liospóin

Bhí Liospóin ar an gcéad phríomhchathair a chuir a hainm le spriocanna 2030 de chuid Chúnant na Méaraí. Tá gradam Phríomhchathair Ghlas na hEorpa, 2020, bronnta ar phríomhchathair na Portaingéile le fíordhéanaí. Mheas muid go raibh sé thar am againn léargas a thabhairt ar na gníomhaíochtaí ar son cúrsaí fuinnimh agus aeráide ann!

Is í Liospóin an t-aon phríomhchathair amháin san Eoraip ina gcuimsítear plean don bhithéagsúlacht sa phlean gníomhaithe ar son na haeráide. Cén tairbhe atá ag an straitéis bhithéagsúlachta don straitéis fhoriomlán aeráide?

Tá an bhithéagsúlacht ina cuid de straitéis atá againn chun seirbhísí éiceachórais a sheachadadh dár saoránaigh, feabhas a chur ar shláinte an phobail agus ar chaighdeán an aeir, agus cur leis an teacht aniar i gcoinne an athraithe aeráide. Is léargas atá sa bhithéagsúlacht ar a éifeachtaí atá ár mbonneagar glas chun na torthaí a sheachadadh a fhágann gur uirlis oiriúnaithe éifeachtach í, agus cuireann an bhithéagsúlacht seirbhísí ar fáil do na héiceachórais sin.

Léiriú tábhachtach ar an éifeachtúlacht sin is ea cé chomh mór agus is féidir gnáthóg shaorga amhail cathair a "nádúrú". Uaireanta, bíonn gníomhaíocht ar son na bithéagsúlachta chomh simplí sin le speicis dhúchasacha a úsáid, speicis oiriúnaithe a chur in ionad faichí traidisiúnta, gan lotnaidicídí a úsáid chun an fásra a choinneáil faoi smacht, nó leanúnachas éiceolaíochta a chur ar bun trí ailínithe crann nó pasáistí éiceolaíochta amhail droichid ghlasa trasna bóithre móra.

Bhí Liospóin ar an gcéad phríomhchathair a chuir a hainm le spriocanna 2030 de chuid Chúnant na Méaraí in 2016. Conas a chabhraigh gluaiseacht Chúnant na Méaraí libh straitéis ar son na haeráide agus an fhuinnimh a fhorbairt?

Bhí sé an-tábhachtach, dáiríre. 2% de thalamh an domhain atá i gcathracha, ach ídítear breis is dhá thrian d'fhuinneamh an domhain iontu agus is iad atá freagrach as breis is 70% d'astaíochtaí CO_2 an domhain. Faoi mar a leanann limistéir uirbeacha ag fás, téann a dtionchar ar an aeráid i méid. Mar sin féin, tá deis mhór iontu freisin éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú go mór.

Mar an Méara ar phríomhchathair Eorpach ar cathair chósta í freisin, tuigim go rímhaith na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus, ina theannta sin, an fhreagracht atá orainn agus an cumas atá ionainn an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide a bhuachan. Teastaíonn cur chuige agus comhordú ar leibhéal domhanda chuige sin. Tá eagraíochtaí agus grúpaí amhail Cúnant na Méaraí ríthábhachtach mar ardáin don chomhoibriú agus don chomhroinnt eolais agus chun an t-athrú sár-riachtanach seo a chur chun cinn. Tá feabhas tagtha ar ár bpleananna gníomhaíochta mar thoradh ar a bheith rannpháirteach sa Chúnant, agus cuireadh lenár dtiomantas do 2030 agus ina dhiaidh sin.

Covenant of Mayors
for Climate & Energy

Is í Liospóin Príomhchathair Ghlas na hEorpa, 2020. Comhghairdeachas! Conas a d'ullmhaigh sibh an t-iarratas?

Bhí an sprioc sin againn le tamall anuas. Ní an gradam féin, ach le bheith in ann iarrachtaí chathracha na hEorpa ar son na hinbhuanaitheachta uirbí a thaispeáint, agus dul i gcomhar leis na buaiteoirí agus na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais den Líonra de Phríomhchathracha Glasa na hEorpa.

Tá ríméad orainn gur roghnaíodh Liospóin mar Phríomhchathair Ghlas na hEorpa do 2020, agus táimid ag súil le cathracha eile a spreagadh chun an t-aistear céanna a dhéanamh. Tá Liospóin an-tiomanta do thodhchaí inbhuanaithe ina mbeidh an fás glas ina chuid de rialachas gníomhach. Tá infheistíocht á déanamh againn sa bhonneagar glas uirbeach mar uirlis oiriúnaithe don athrú aeráide. D'osclaíomar líon iomlán de 9 gconair ghlasa agus breis is 350 ha de spás glas nua, agus is méadú os cionn 20% é sin in imeacht deich mbliana nó beagán níos mó. Bhí sé sin an-tábhachtach ar fad san iarratas, agus rinne ár bhfoireann an fhís sin a shoiléiriú. Chuir sé sin go mór lenár straitéisí agus na trí iarratas á chur isteach againn.

Cé na pleananna atá agaibh chun ceiliúradh a dhéanamh ar Ghradam Phríomhchathair Ghlas na hEorpa, 2020? Cé na himeachtaí nár cheart a chailleadh?

An phríomhsprioc atá againn is ea gach aon saoránach a mhealladh, gach aon lá. Ní éireoidh linn aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil aeráide mura gcuirfimid athruithe i bhfeidhm inár saol laethúil, ar leibhéal pearsanta agus ar leibhéal gairmiúil araon.

Tá clár spreagúil imeachtaí againn chuige sin. Foilseoimid liosta iomlán tionscnamh iontach go luath, ach is cinnte gur mhaith linn béim a chur ar an searmanas oscailte oifigiúil (10 Eanáir 2020), an Urban Future Global Conference 2020 (1-3 Aibreán), the Planetiers World Gathering (23-25 Aibreán) agus oscailt na Seachtaine Glaise Eorpaí (1 Meitheamh). Tá Liospóin ar an gcéad phríomhchathair i ndeisceart na hEorpa atá ainmnithe mar Phríomhchathair Ghlas na hEorpa. Bainfimid leas as an ngradam sin chun cabhrú linn feasacht a mhúscailt agus tabhairt faoi chlár domhanda níos uaillmhianaí i leith na forbartha inbhuanaithe.